

**1 DEIREADH LE BOCHTANAS**

Conas a bheadh a fhios agat go raibh duine éigin beo bocht?

- a) Níl fón cliste ag an duine sin
- b) Níl riachtanais bhunúsacha na beatha ag an duine sin, cosúil le bia, cúram sláinte, oideachas agus rudaí eile nach iad
- c) Níl an duine gléasta go maith

**2 DEIREADH LE HOCRAS**

An dtáirgtear dóthain bia do gach duine ar domhan?

- a) Ní tháirgtear, mar bíonn ocras orm i gcónaí
- b) Táirgtear dóthain bia folláin ach ní dhéantar ár ndóthain milseán ná deochanna súilíneacha a tháirgeadh
- c) Tá dóthain bia ann, ach níl dóthain acmhainne ag gach duine chun an bia a cheannach

**3 DEA-SHLÁINTE AGUS DEA-FHOLLÁINE**

Cad é an meánionchas saoil ar domhan?

- a) 50 bliain
- b) 60 bliain
- c) 70 bliain

**4 OIDEACHAS DEN SCOTH**

Formhór na bpáistí nach dtéann ar scoil, cén ilchríoch ar a bhfuil siad?

- a) An Eoraip
- b) An Áise
- c) Meiriceá
- d) An Afraic

**5 COMHIONANNAS INSCNE**

Sa bhliain 2017 bhí níos mó mná ná fir i bparlaimint tíre amháin ar domhan. Cén tír?

- a) An Ríocht Aontaithe
- b) An Iorua
- c) An Fhrainc
- d) Ruanda
- e) Peiriú

**6 UISCE AGUS SLÁINTÍOCHT ATÁ GLAN**

Conas is féidir níos lú uisce a úsáid?

- a) Níl ganntanas uisce ar bith san áit a bhfuil cónaí orm, is féidir liom an-chuid uisce a úsáid
- b) Trí chithfholcadh a thógáil in ionad folctha
- c) Trí dheochanna milse súilíneacha a ól in ionad uisce

**7 FUINNEAMH INACMHAINNE AGUS GLAN**

Aimsigh an freagra mícheart. Is féidir fuinneamh glan a dhéanamh as...

- a) Gual
- b) An ghrian
- c) An ghaoth
- d) Tonnta

**8 OBAIR FHÓNTA AGUS FÁS SA GHEILLEAGAR**

Ar chóir an pá céanna a thabhairt do mhná agus d'fhir má dhéanann siad an obair chéanna?

- a) Cinnte, tá na cearta céanna ag mná agus ag fir
- b) Ba chóir níos mó a thabhairt d'fhir mar tá siad níos láidre

**9 TIONSCLAÍOCHT, NUÁLAÍOCHT AGUS INFREASTRUCTUR**

Cad is monarcha inbhuanaithe ann?


- a) Monarcha a tógadh fadó ach atá fós ag obair
- b) Monarcha a chuireann dramhaíl nimhiúil amach
- c) Monarcha nach ndéanann dochar ar bith don timpeallacht



### 10 NEAMHIONANNAIS LAGHDAITHE

Cad é an chaoi is fearr chun comhrac in aghaidh na bochtaineachta?

- a) Gan dada a dhéanamh agus neamhaird a dhéanamh den fhadhb
- b) Saibhreas an domhain a roinnt go cothrom
- c) Cosc a chur ar eachtrannaigh teacht chun do thíre



### 11 CATHRACHA AGUS POBAIL INBHUANAITHE

Cé mhéad duine i dtíortha i mbéal forbartha a bhfuil cónaí orthu i slumaí?

- a) 30%
- b) 55%
- c) 80%



### 12 IDIÚ AGUS TÁIRGEADH FREAGRACH

Fíor nó Bréagach: tá go leor iasc san fharraige.

- a) Fíor. Is féidir liom gach a bhfuil uaim a ithe!
- b) Bréagach. Tá ró-iascaireacht, truilliú agus an t-athrú aeráide ag laghdú líon na n-iasc san fharraige



### 13 GNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE

Cad is fuinneamh in-athnuaite ann?

- a) Is deoch fuinnimh nua é
- b) Is fuinneamh é a thagann ó fhoinsí nádúrtha – solas na gréine agus an ghaoth mar shampla
- c) Foinse fuinnimh a ngabhann síntiús in-athnuaite léi



### 14 AN SAOL FAOIN UISCE

Cé acu thíos a chuireann truilliú na mara in olcas?

- a) Bruscar ar an trá
- b) Smugairlí róin agus portáin
- c) Feamainn



### 15 AN SAOL AR AN TALAMH

Chun cur i gcoinne an athraithe aeráide ní mór dúinn ár bhforaoisí a chosaint ar an gcúis seo:

- a) Is breá an rud é a bheith ag spraoi i bhforaoisí
- b) Scaoileann na crainn ocsaigin
- c) Úsáidtear adhmaid chun tithe a thógáil



### 16 SÍOCHÁIN AGUS CÓIR INSTIUIDÍ LAIDRE

Cé acu thíos is daonlathas ann?

- a) Tír atá faoi rial deachtóra
- b) Tír atá faoi rial ag na daoine iad féin
- c) Tír atá faoi rial ag na fir amháin



### 17 COMHPHÁIRTÍOCHTÍ AR SON NA SPRIOCANNA

Is é is comhpháirtíocht ann ná...

- a) Nuair a ligeann tú ort féin gur tuismitheoir tú agus tú ag spraoi le cara
- b) Nuair a bhíonn daoine agus eagraíochtaí ag obair le chéile chun comhspríoc a bhaint amach
- c) Nuair a itheann beirt daltaí scoile ag an mbord céanna gach uile lá



**SPRIOCANNA**   
**UM FHORBAIRT**  
**INBHUANAITHE**

### 1 DEIREADH LE BOCHTANAS

Ar lú an méid daoine bochta atá ann inniu ná mar a bhíodh 25 bliana ó shin?

- a) Ní lú, tá billiún breise duine beo bocht anois
- b) Is lú, tógadh billiún duine amach as an mbochtaineacht



### 2 DEIREADH LE HOCRAS

Fíor nó bréagach: tá líon na ndaoine atá ag fáil bháis den ocraas ag dul i laghad.

- a) Fíor
- b) Bréagach



### 3 DEASHLÁINTE AGUS DEAFHOLLÁINE

Roghnaigh dhá rud ón liosta thíos a choimeádfadh páistí faoi bhun 5 bliana d'aois beo.

- a) Bia scamhardach
- b) Fón póca
- c) Uisce óil glan
- d) Deochanna súilíneacha



### 4 OIDEACHAS DEN SCOTH

Fíor nó bréagach: freastalaíonn líon níos lú cailíní ná buachaillí ar scoil ar fud an domhain.

- a) Bréagach
- b) Fíor



### 5 COMHIONANNAS INSCNE

Cérbh í an chéad tír ar domhan a thug cearta iomlána polaitiúla do mhná (ceart vótála agus ceart chun a dtofa)?

- a) An Fhrainc
- b) Stáit Aontaithe Mheiriceá
- c) An Fhionlainn



### 6 UISCE AGUS SLÁINTÍOCHT ATÁ GLAN

Is ionann uisce óil agus:

- a) Uisce atá slán le hól
- b) Uisce a fhaighimid i bpotaí bláthanna
- c) Uisce a bhfuil cuma ghlan air



### 7 FUINNEAMH INACMHAINNE AGUS GLAN

Cad a chiallaíonn éifeachtúlacht fuinnimh?

- a) Nuair a thagann solas geal ó lampa
- b) Nuair is féidir leat fuinneamh a úsáid gan a bheith buartha faoin méid de a úsáideann tú
- c) Gléas nó foirgneamh nach n-úsáideann an-chuid fuinnimh ach atá éifeachtach mar sin féin



### 8 OBAIR FHÓNTA AGUS FÁS SA GHEILLEAGAR

Má tá post agat, an bhfuil tú slán ón mbochtaineacht?

- a) Tá, mar oibríonn tú chun airgead a thuilleamh
- b) Níl. Is féidir post a bheith agat agus fós a bheith bocht



### 9 TIONSCLAÍOCHT, NUÁLAÍOCHT AGUS INFREASTRUCTUR

Fíor nó Bréagach: tá teacht ag gach duine ar an idirlíon


- a) Fíor
- b) Bréagach



### 10 NEAMHIONANNAIS LAGHDAITHE

Fíor nó Bréagach: le 25 bliana anuas, NÍOR thit líon na ndaoine atá beo bocht.

- a) Fíor
- b) Bréagach



### 11 CATHRACHA AGUS POBAIL INBHUANAITHE

Tá modhanna taistil a úsáideann níos lú fuinnimh agus a chosnaíonn an pláinéad ann cheana féin. Cé acu thíos nach ann dóibh i ndáiríre?

- a) Rothair
- b) Busanna leictreacha
- c) Carranna eitilte



### 12 IDIÚ AGUS TÁIRGEADH FREAGRACH

Cé mhéad bia a chaitear amach gach uile lá ar fud an domhain?

- a) Ní chaitear amach aon rud. Itear nó reoitear an bia go léir.
- b) Caitear amach aon trian den bhia go léir a tháirgtear
- c) Ní chaitear amach an-chuid mar tá laghdú mór ar an dramháil a chaitheann daoine amach



### 13 GNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE

Cén ráiteas thíos atá fíor?

- a) Ní fíor go bhfuil an aeráid ag athrú mar bhí an geimhreadh seo caite an-fhuar
- b) Ní fíor go bhfuil an aeráid ag athrú mar tá oighearchaidheanna fós ann
- c) Tarlóidh níos mó tuilte agus drochstoirmeacha mar gheall ar an athrú aeráide



### 14 AN SAOL FAOIN UISCE

Cad is ró-iascaireacht ann?

- a) Ag ithe an iomarca éisc agus ag éirí tinn
- b) Nuair a thógtar níos mó éisc as an bhfarraige ná mar a thagann ar an saol inti
- c) Nuair a thugtar an iomarca bia d'éisc ionas go bhfásfaidh siad go tapa



### 15 AN SAOL AR AN TALAMH

Cad is cúis le díothú speicis ainmhithe?

- a) Gníomhaíocht an duine
- b) Ainmhithe ag ithe a chéile
- c) Na hastaíochtaí minicíochta a thagann ó fhóin phóca



### 16 SÍOCHÁIN AGUS CÓIR INSTITUTEIDÍ LÁIDRE

Cad is saighdiúir linbh ann?

- a) Páiste a imríonn cluichí cogaíochta le páistí eile
- b) Páiste a throideann le grúpa armtha
- c) An dá rud thuas



### 17 COMHPHÁIRTÍOCHTÍ AR SON NA SPRIOCANNA

Conas a chabhraíonn an chóirthrádáil linn na SFlanna a bhaint amach?

- a) Cuireann sí dálaí trádála níos fearr ar fáil do tháirgeoirí agus d'oibríthe
- b) Cuireann sí leis an mbrabús a dhéanann eanáil na tionsclaíochta
- c) Spreagann sí táirgeoirí chun páistí a fhostú



**SPRIOCANNA**   
**UM FHORBAIRT**  
**INBHUANAITHE**

### 1 DEIREADH LE BOCHTANAS

Cé mhéad duine beo bocht atá ag maireachtáil ar fud an domhain?

- a) Thart ar 800 duine
- b) Thart ar 8,000 duine
- c) Níos mó ná 800 milliún duine



### 2 DEIREADH LE HOCRAS

Cé mhéad duine ar fud an domhain nach n-itheann a ndóthain chun a bheith sláintiúil?

- a) Beagnach 90 duine
- b) Beagnach 9,000 duine
- c) Beagnach 900 milliún duine



### 3 DEA-SHLÁINTE AGUS DEA-FHOLLÁINE

Cén rogha thíos is fearr a oireann do leanbh nuabheirthe?

- a) Beathú buidéal
- b) Uisce óil
- c) Beathú cíche



### 4 OIDEACHAS DEN SCOTH

Tá an t-oideachas...

- a) ...ina mhíbhuntáiste má tá tú ag lorg oibre
- b) ...ina bhuntáiste a chuideoidh leat post a fháil agus saol níos fearr a bheith agat
- c) ...ina bhuntáiste do pháistí fíor-chliste amháin



### 5 COMHIONANNAS INSCNE

Cé mhéad tír ina raibh bean ina huachtarán nó ina ceannaire stáit sa bhliain 2017?

- a) 5
- b) 20
- c) 100



### 6 UISCE AGUS SLÁINTÍOCHT ATÁ GLAN

Cá dtéann an chuid is mó den fhuíolluisce ó ghníomhaíochtaí an duine?

- a) Cóireáiltear agus athchúrsáiltear é
- b) Stóráiltear in áiteanna slána é
- c) Scaoiltear amach é in aibhneacha agus farraigí gan cóireáil ar bith á dhéanamh air chun an truailiú a sheachaint



### 7 FUINNEAMH INACMHAINNE AGUS GLAN

Tá baint ag an méadú ar ghás áirithe san atmaisféar leis an athrú aeráide. Cad é an gás sin?

- a) Ózón
- b) Dé-ocsaíd charbóin
- c) Gás mustaird



### 8 OBAIR FHÓNTA AGUS FÁS SA GHEILLEAGAR

Cad is brí le "fás geilleagrach"?

- a) Cuireann tú airgead i dtaisce gach mí
- b) Tá praghsanna ag méadú
- c) Méadú ar luach earraí agus seirbhísí a tháirgeann tír áirithe



### 9 TIONSCLAÍOCHT, NUÁLAÍOCHT AGUS INFREASTRUCTUR

Fíor nó Bréagach: tá teacht ag gach duine ar leictreachas

- a) Fíor
- b) Bréagach





### 10 NEAMHIONANNAIS LAGHDAITHE

Ar scoil...

- a) Ba chóir go bhfoghlaimeodh cailíní amháin conas cníotáil agus cócaireacht
- b) Ba chóir go bhfoghlaimeodh buachaillí amháin eolaíocht agus teicneolaíocht
- c) Ba chóir na deiseanna foghlama céanna a bheith ag cailíní agus buachaillí



### 11 CATHRACHA AGUS POBAIL INBHUANAITHE

Cad is fuinneamh in-athnuaite ann?

- a) Fuinneamh a thagann ó fhoinsí nádúrtha nach n-ídítear choíche
- b) Fuinneamh a thagann ón gcianspás
- c) Cineál fuinnimh a bhíodh á úsáid ag farónna na hÉigipte fadó



### 12 IDIÚ AGUS TÁIRGEADH FREAGRACH

Is é tionscal na hola an tionscal is truaillithí ar domhan. Cad é an dara tionscal is truaillithí?

- a) Mianadóireacht guail
- b) Tionscal na dteicstílí
- c) Tionscal na bhfón póca



### 13 GNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE

Ba chóir do thíortha níos mó fuinnimh a chruthú ...


- a) Ó ghual agus ola
- b) Trí fhuinneamh núicléach
- c) Ón ngrian, ón ngaoth agus ó thonnta



### 14 AN SAOL FAOIN UISCE

Cén céatadán de na speicis go léir san fharraige atá sainaitheanta faoin am seo?

- a) Thart ar 5%
- b) Thart ar 50%
- c) Breis is 80%



### 15 AN SAOL AR AN TALAMH

Is é atá i gceist leis an mbithéagsúlacht ná...

- a) Éagsúlacht na n-ainmhithe agus na bplandaí a chónaíonn ar ár bpláinéad
- b) Éagsúlacht na nithe sláintiúla a fhaigheann tú in ollmhargadh
- c) Líon na bpláinéad a bhféadfadh daoine cónaí orthu



### 16 SÍOCHÁIN AGUS CÓIR INSTIÚIDÍ LAIDRE

Is é is "clogad gorm" ann ná...

- a) Saighdiúir a bhíonn ag obair leis na Náisiúin Aontaithe ar son na síochána
- b) Comhraiceoir dóiteáin sa chabhlach
- c) Saighdiúir linbh



### 17 COMHPHÁIRTÍOCHTÍ AR SON NA SPRIOCANNA

Cad a chuidigh leis an gcumarsáid idir compháirtithe a fhágáil níos éasca?

- a) Colúir theachtaireachta
- b) An t-Idirlíon
- c) Teachtaireachtaí i mbuidéil



**SPRIOCANNA**   
**UM FHORBAIRT**  
**INBHUANAITHE**

## 1 DEIREADH LE BOCHTANAS

Cónaíonn an chuid is mó de na daoine is boichte ar domhan...

- San Eoraip
- I Meiriceá Thuaidh agus Meiriceá Theas
- San Afraic agus san Áise



## 2 DEIREADH LE HOCRAS

Cén ráiteas thíos atá fíor?

- Caithfidh tú ar a laghad deoch mhilis shúilíneach amháin a ól gach lá chun fanacht sláintiúil.
- Tá dóthain bia ann chun gach duine ar domhan a chothú
- Is féidir a bheith sláintiúil mura n-itheann tú glasraí agus torthaí



## 3 DEA-SHLÁINTE AGUS DEA-FHOLLÁINE

Cé mhéad nóiméad aclaíochta ba chóir do pháistí in aois idir 5 agus 17 a dhéanamh gach lá?

- 60 nóiméad
- 30 nóiméad
- Ní chaithfidh páistí aclaíocht a dhéanamh gach lá



## 4 OIDEACHAS DEN SCOTH

Cuideoidh oideachas ardchaighdeáin...

- ...leis an tsláinte a fheabhsú
- ...leis an mbochtaineacht a laghdú
- ...leis an tsláinte a fheabhsú agus leis an mbochtaineacht a laghdú



## 5 COMHIONANNAS INSCENE

Cé acu fir nó mná ba chóir dóibh an chócaireacht agus an glanadh a dhéanamh sa teach?

- Na fir
- Na mná
- Ba chóir do gach duine an obair tí a dhéanamh



## 6 UISCE AGUS SLÁINTÍOCHT ATÁ GLAN

Cé acu ráiteas atá fíor?

- Is mó an méid daoine a bhfuil fón póca acu ná an méid daoine a bhfuil leithreas acu
- Tá leithreas ag beagnach gach duine ach níl a ndóthain airgid acu chun fón póca a cheannach
- Tá leithreas agus fón póca ag gach duine



## 7 FUINNEAMH INACMHAINNE AGUS GLAN

Tá foinsí fuinnimh áirithe in-athnuaite. Conas?

- Mar ní chruthaíonn siad truailliú
- Mar is foinsí úr-nua iad
- Mar is féidir iad a athsholáthar go nádúrtha laistigh d'achar gearr



## 8 OBAIR FHÓNTA AGUS FÁS SA GHEILLEAGAR

Cé mhéad duine atá as obair ar fud an domhain?

- 2 milliún
- 20 milliún
- 200 milliún



## 9 TIONSCLAÍOCHT, NUÁLAÍOCHT AGUS INFREASTRUCTUR

Cé acu de na carranna seo a chuidíonn cur i gcoinne an athraithe aeráide?


- Carr leictreach
- Carr díosail
- Carr peitril



### 10 NEAMHIONANNAIS LAGHDAITHE

Chun an neamhionannas ó thaobh sláinte a laghdú, ba chóir fáil a bheith ag páistí ar...

- a) Uisce óil glan
- b) Cúram leighis
- c) Vacsaíní
- d) Na rudaí sin go léir



### 11 CATHRACHA AGUS POBAIL INBHUANAITHE

Cá bhfuil an t-uirbiú is tapa ar domhan ag tarlú?

- a) San Eoraip
- b) Sna Stáit Aontaithe
- c) I dtíortha i mbéal forbartha



### 12 IDIÚ AGUS TÁIRGEADH FREAGRACH

Is fadhb ollmhór iad na málaí plaisteacha don chomhshaol. Cén tír a chuir cosc ar mhálaí plaisteacha i dtosach?

- a) An tSualainn
- b) An Rúis
- c) Ruanda



### 13 GNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE

Cé atá freagrach as aire a thabhairt don phláinéad?

- a) Eolaithe
- b) Daoine cáiliúla
- c) Oifigigh rialtais
- d) Gach duine



### 14 AN SAOL FAOIN UISCE

Fíor nó Bréagach: mura n-athróimid ár nósanna maireachtála, is mó plaisteach a bheidh san fharraige faoin mbliain 2050 ná an méid éisc a bheidh inti

- a) Fíor
- b) Bréagach



### 15 AN SAOL AR AN TALAMH

Ar fud an domhain tá na foraoisí...

- a) Ag dul i méid, tá crainn i ngach áit
- b) Á ngearradh anuas ag an ráta céanna is atá siad á gcur
- c) Ag imeacht as, tá thart ar leath na bhforaoisí uile imithe cheana féin



### 16 SÍOCHÁIN AGUS CÓIR INSTIUIDÍ LAIDRE

Cad is campa dídeanaithe ann?

- a) Campa samhraidh sna sléibhte
- b) Campa chun daoine a chosaint nuair a bhíonn orthu éalú óna mbailte
- c) Campa míleata



### 17 COMHPHÁIRTÍOCHTÍ AR SON NA SPRIOCANNA

Cad atá riachtanach chun na 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach?

- a) Go mbeidh baint ag gach tír leo
- b) Go mbeidh na tíortha is saibhre chun tosaigh leo
- c) Go mbeidh na tíortha níos boichte chun tosaigh leo



**SPRIOCANNA**   
**UM FHORBAIRT**  
**INBHUANAITHE**



**1 DEIREADH LE BOCHTANAS**

Sa bhliain 1990, bhí beagnach ceathrar as gach deichniúr (38%) beo bocht. Cé mhéad duine atá beo bocht anois?

- a) duine as gach deichniúr
- b) triúr as gach deichniúr
- c) cúigear as gach deichniúr

**2 DEIREADH LE HOCRAS**

Cad is míchothú ann?

- a) Nuair nach mbíonn béile trí chúrsa agat
- b) Nuair nach n-itheann tú feoil gach lá
- c) Nuair nach n-itheann tú do dhóthain bia folláin ar feadh tréimhse áirithe

**3 DEA-SHLÁINTE AGUS DEA-FHOLLÁINE**

Cén cineál feithide a scaipeann an galar maláire?

- a) An mhuiscít
- b) An tsnáthaid mhór
- c) An lampróg

**4 OIDEACHAS DEN SCOTH**

Cén céatadán daoine fásta sa lá atá inniu ann atá in ann léamh agus scríobh?

- a) 80%
- b) 60%
- c) 30%

**5 COMHIONANNAS INSCNE**

As na taighdeoirí eolaíochta agus teicneolaíochta atá againn, cén céatadán díobh ar mná iad?

- a) 50%
- b) 30%
- c) 70%

**6 UISCE AGUS SLÁINTÍOCHT ATÁ GLAN**

Cén céatadán d'uisce an domhain atá inólta?

- a) Níl ach 3% inólta
- b) Leath de, 50%
- c) Beagnach an uisce go léir, 97%

**7 FUINNEAMH INACMHAINNE AGUS GLAN**

Aimsigh foinse fuinnimh in-athnuaite thíos.

- a) Ola
- b) Gás
- c) Solas na gréine

**8 OBAIR FHÓNTA AGUS FÁS SA GHEILLEAGAR**

Fíor nó Bréagach: tá cuntas bainc ag gach duine fásta ar domhan

- a) Fíor
- b) Bréagach

**9 TIONSCLAÍOCHT, NUÁLAÍOCHT AGUS INFREASTRUCTUR**

Cén bonneagar atá tábhachtach le haghaidh oideachas fiúntach?

- a) Clóis súgartha agus sneaiceanna
- b) Scoileanna glana, múinteoirí agus leabhair
- c) Dáileoir deochanna boga



**10 NEAMHIONANNAIS LAGHDAITHE**

Chun troid in aghaidh an neamhionannais caithfidimid:

- a) A chinntiú go bhfuil teacht ag gach páiste ar oideachas den scoth
- b) A chinntiú go bhfuil na héadaí céanna ag gach duine
- c) A chinntiú go bhféachann gach duine ar na cláir theilifíse céanna



**11 CATHRACHA AGUS POBAIL INBHUANAITHE**

Cén céatadán de dhaoine an domhain a bheidh ina gcónaí i gceantair uirbeacha faoin mbliain 2030?

- a) 60%
- b) 100%
- c) 20%



**12 IDIÚ AGUS TÁIRGEADH FREAGRACH**

Conas a chuidíonn na beacha leis an gcomhshaol?

- a) Cuidíonn siad leis na plandaí fás agus bia a chothú
- b) Ní chuidíonn siad, ní dhéanann siad ach mil a tháirgeadh
- c) Itheann siad feithidí eile



**13 GNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE**

Sa bhliain 2015, cár chomhaontaigh ceannairí domhanda plan aeráide?

- a) I bPáras (Comhaontú Pháras)
- b) I Londain (Comhaontú Big Ben)
- c) I Nua-Eabhrac (Comhaontú Manhattan)



**14 AN SAOL FAOIN UISCE**

Tá málaí plaisteacha dainséarach do thurtair mar ceapann siad...

- a) Gur bia iad
- b) Gur bréagán iad
- c) Gur sliogán iad



**15 AN SAOL AR AN TALAMH**

Tá na crainn riachtanach mar...

- a) is gnáthóg iad don fhiadhúlra
- b) Is féidir iad a dhreapadh
- c) Déantar plaisteach ó chrainn



**16 SÍOCHÁIN AGUS CÓIR INSTIUIDÍ LAIDRE**

Cad is dláthriú páiste ann?

- a) Nuair a théann páiste ar laethanta saoire
- b) Nuair a dhílonnaítear páiste de bharr cogaidh nó coinbhleachta
- c) Nuair a fhanann páiste thar oíche i dteach carad



**17 COMHPHÁIRTÍOCHTÍ AR SON NA SPRIOCANNA**

Cé ba chóir a bheith ag obair i gcomhpháirtíocht le chéile chun na SFlanna a bhaint amach?

- a) Saoránaigh
- b) Rialtais
- c) Cuideachtaí
- d) Na grúpaí sin go léir



**SPRIOCANNA**   
**UM FHORBAIRT**  
**INBHUANAITHE**